Ard-Mhúsaem na hÉireann
National Museum of Ireland

museum

Post oscailte

# Cuntasóir Bainistíochta – Oibríochtaí Airgeadais

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (AOF), Post Buan, Lánaimseartha

—

Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath 7

**Dáta Deiridh le haghaidh Iarratais**

**Dé hAoine an 3ú Iúil 2026**

…

**Ní mór iarratais a bheith faighte tráth nach déanaí ná 17:00. Tabhair do d'aire nach nglacfar le foirmeacha iarratais déanacha.** Cloífear leis an dáta agus an t-am go docht, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaighfear an t-iarratas roimh an spriocdháta.

Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann** ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun an post mar **Chuntasóir Bainistíochta – Oibríochtaí Airgeadais,** a líonadh a bheidh lonnaithe in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath 7. Is post Lánaimseartha Buan é seo. Beidh agallaimh oscailte iomaíocha á reáchtáil chun an post seo a líonadh.

## Cur Síos Gairid ar an bPost

Tá an Cuntasóir Bainistíochta – Oibríochtaí Airgeadais freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar phróiseáil idirbheart airgeadais in Ard-Mhúsaem na hÉireann agus as tacú le cuntais bhainistíochta míosúla cruinne agus tráthúla a sholáthar. Cinntítear leis an ról go ndéanfar gach oibríocht airgeadais a dhéantar trí na hOibríochtaí Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta (ONSC) a athbhreithniú agus a réiteach agus go gcomhlíonfaidh siad ceanglais chuntasaíochta na hearnála poiblí. Cuirfidh an sealbhóir poist ceannaireacht oibríochtúil ar fáil don fhoireann airgeadais freisin lena chinntiú go gcomhlíonfar spriocdhátaí agus caighdeáin seirbhíse i gcónaí.

## TREORACHA AN IARRATAIS

Cuirtear iarratais isteach ar an rannán folúntas de **shuíomh gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann**: https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies

Is gá d'iarrthóirí an fhoirm iarratais chomhlánaithe, CV cothrom le dáta, agus litir chumhdaigh a chur isteach. **Iarraimid ar iarrthóirí go gcuirtear na trí cháipéis ar fad le chéile agus iad a chur isteach ar PDF aonair amháin.**

Ní mór an fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus í a chur isteach i gclóscríbhinn. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa agus iarratais atá san fhormáid mhícheart. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh an t-iarratas neamhiomlán, agus ní bhreithneofar é.

Chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais, tabhair cuairt ar ár leathanach Folúntais.

Céimeanna chun iarratas a dhéanamh:

- Téigh go dtí an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Léigh an Leabhrán Eolais le haghaidh sonraí iomlána maidir leis an bpost.
- Tá na cáipéisí atá ag teastáil le haghaidh d'iarratais le feiceáil ar an leathanach sin mar naisc.
- Cliceáil gach cáipéis, agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach cáipéis a íoslódáil/shábháil ar do ríomhaire/ghléas.
- Líon amach na cáipéisí atá ag teastáil agus cuir le chéile iad i **PDF aonair amháin** mar aon le do CV agus litir chumhdaigh.
- Nuair atá sé sin críochnaithe, téigh ar ais go dtí suíomh gréasáin an Mhúsaeim chun an próiseas iarratais a chur i gcrích.
- Arís, ón leathanach Folúntais, aimsigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.

- Cliceáil an cnaipe **Cuir Isteach Air Anois**.
- Cuir an fhoirm i gcrích.
- Déan do PDF comhcheangailte aonair a uaslódáil.
- Déan an tseiceáil Captcha a chríochnú agus cliceáil **Cuir Isteach d'Iarratas**.

Cuir **seoladh ríomhphoist bailí a dhéantar monatóireacht air** ar fáil. Úsáidfear an ríomhphost mar admháil ar d'iarratas agus mar phríomhbhealach teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí.

**Spriocdháta le haghaidh Iarratas**

## Ní mór iarratais a fháil tráth nach déanaí ná 17:00 Dé hAoine an 3ú Iúil 2026

**Tabhair faoi deara nach nglacfar le hiarratais dhéanacha.** Cloífear leis an dáta agus an t-am go docht, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaighfear an t-iarratas roimh an spriocdháta. **Beidh dícháiliú iarrthóirí mar thoradh ar chanbhasáil.**